

## Fáilte

Fáilte go dtí an t-eagrán is déanaí de Nuachtlitir Matamaitice SSM. Ón eagrán deireanach, d'óstáil muid roinnt imeachtaí ar líne agus bhí deis againn bualadh le go leor agaibh trí sheimineáir ghréasáin, imeachtaí foghlaim chomhroinnte, agus níos déanaí le linn cnuasimeachtaí ar líne. Sa nuachtlitir seo ba mhaith linn cuid de na buaicpointí a roinnt libh.

## FGL Roghnach agus Imeachtaí Foghlaim Chomhroinnte

D'óstáil Foireann Matamaitice SSM roinnt imeachtaí ar líne i rith an chéad téarma scoile. I measc na n-imeachtaí ar líne bhí imeachtaí foghlaim chomhroinnte inar tháinig múinteoirí le chéile chun cleachtas agus eispéiris óna seomraí ranga a roinnt. Reáchtáil muid ócáid foghlaim chomhroinnte 'as Gaeilge' chomh maith, áit a raibh deis ag múinteoirí a bheith rannpháirteach i bpobal foghlama le múinteoirí Matamaitice eile atá ag teagasc trí Ghaeilge. D'éirigh lenár seimineáir ghréasáin freisin léargais a roinnt ar roinnt gnéithe de Mhatamaitic na Sraithe Sóisearaí. Tá cur síos gairid ar gach ceann de na himeachtaí le taispeáint thíos. Is féidir taifeadtaí dár seimineáir ghréasáin a fháil ar an gcluasán le haghaidh na sraithe seimineáir ghréasáin anseo.

## Teagasc i Seomra Ranga Matamaitice ina mbíonn Scaradh Sóisialta

Faoi stiúir na múinteoirí, san ócáid foghlama ar líne seo roinneadh taithí ar theagasc i seomra ranga ina mbíonn scaradh fisiciúil. Roinn na múinteoirí comhairle agus straitéisí lena n-áirítear a iarraidh ar scoláirí a gcuid oibre a thaifeadadh le míniú guthaithe ar a gcuid smaointeoireachta, aiseolas digiteach a thabhairt agus béim a leagan ar nithe a d'oibrigh go maith do ranna matamaitice sa chomhthéacs scoile reatha.

**JCT Mathematics Online CPD Programme**  
An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí  
Junior **CYCLE**  
for teachers

**15 October 2020**  
6:30pm  
**Teaching in a Physically Distanced Mathematics Classroom**  
An online shared learning event, led by teachers, to share experiences of teaching in a physically distanced classroom. Register [here](#).

**10 Samhain 2020**  
7:00pm  
**Comhroinnt Eispéiris agus Acmhainní**  
Ócáid foghlama roinnte, ar líne, faoi stiúir múinteoirí, chun eispéiris agus acmhainní do theagasc na matamaitice trí Ghaeilge a roinnt. Cláraigh [Anseo](#).

**01 December 2020**  
6:30pm  
**Sharing Experiences and Resources**  
An online shared learning event, led by teachers, to share experiences of lesson design and enactment. Register [here](#).

**03 November 2020**  
6:30pm  
**Task Selection and Problem-Solving in Mathematics**  
During this webinar Dr Paddy Johnson (University of Limerick) discusses selection criteria for mathematical tasks and activities which develop students' ability to problem-solve. Register [here](#).

**17 November 2020**  
7:00pm  
**Preparing for Classroom-Based Assessment 2 (Statistical Investigation)**  
This webinar focuses on preparing for classroom-based assessment 2, and using formative feedback to support students' learning during the statistical investigation. Register [here](#).

Further resources and information available at [www.jct.ie/maths](http://www.jct.ie/maths)  
Follow us on Twitter @JctMaths  
Join our mailing list [here](#)

## Roghnú Tascanna agus Fadhbréiteach sa Mhatamaitic

Le linn an tseimineáir ghréasáin seo, phléigh an Dr. Pádraig Mac Seáin (Ollscoil Luimnigh) critéir roghnúcháin do thascanna agus gníomhaíochtaí matamaiticiúla a fhorbraíonn cumas na scoláirí ar fhadhbanna a réiteach.

## Comhroinnt Eispéiris agus Acmhainní

Ócáid foghlama comhroinnte, ar líne, faoi stiúir múinteoirí, chun eispéiris agus acmhainní do theagasc na matamaitice trí Ghaeilge a roinnt.

## Ag ullmhú do Mheasúnú Rangbhunaithe 2 (Imscrúdú Staitistiúil).

Dhírigh an seimineár gréasáin seo ar ullmhú do Mheasúnú Rangbhunaithe 2 agus úsáid a bhaint as aiseolas foirmitheach chun cabhrú le foghlaim an scoláire le linn an imscrúdaithe staitistiúil.

## Eispéiris agus Acmhainní a Roinnt.

Imeacht foghlaim chomhroinnte ar líne, faoi stiúir múinteoirí, chun eispéiris agus machnamh ar Mheasúnú Rangbhunaithe a roinnt.

## Seachadadh Cnuaslaethana Ar Líne 2020-2021

Táimid ag éascú cnuaslá 2021 ar líne faoi láthair ag úsáid an ardáin Zoom.

Áirítear leis sin:

- iniúchadh ar mhíreanna measúnaithe agus ar thorthaí foghlama gaolmhara
- an gaol idir an bhfoghlaim agus an measúnú
- tuilleadh machnaimh ar mheasúnú rangbhunaithe

Tugann an seisiún tráthnóna rogha idir:

- pleanáil
- cleachtais chuimsitheacha agus CFL2
- ceisteanna a chur

Roimh an gcnuaslá, níor mhiste duit an leabhrán a íoslódáil ar féidir teacht air trí chliceáil ar an íomhá.



## Tacaí don Dara hÁbhar Teagaisc 2019-2020

Rinne muid athleagan de FGL 2019-2020 a chun go mbeadh sé oiriúnach do rannpháirtíocht ar líne. Tá an leabhrán, na taifeadtaí agus na hacmhainní gaolmhara ar fáil [anseo](#).

## Leantar leis an tSraith Phodchraoltaí againn...

Is sraith phodchraoltaí ó Fhoireann Mhatamaitice SSM é 'Tangents / Tadhlaith' atá ar fáil ar chainéal podchraoltaí Chainteanna na Sraithe Sóisearaí. Leantar ar aghaidh sa tsraith le comhrá le Claire Cooper a oibríonn ar Chlár Rochtana Choláiste na Tríonóide (TAP) agus an Dr. Aibhín Bré ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath (TCD) faoi oideolaíochtaí foghlaim ghníomhach, teicneolaíocht sa seomra ranga agus an clár, Droichead 21. Is féidir éisteacht leis an bpodchraoladh [anseo](#).


Tá podchraoltaí nua i mBéarla agus i nGaeilge araon á mbeartú don tréimhse amach anseo. Chun a bheith cinnte nach gcaillfidh tú an chéad eagrán eile, cláraigh le cainéal Chainteanna na Sraithe Sóisearaí ar SoundCloud, Spotify, Apple Podchraoltaí nó áit ar bith a n-éisteannt tú le do phodchraoltaí agus lean muid ar Twitter!

## Tacaíocht le h-aghaidh múineadh trí mhéan na Gaeilge

Tá líon na n-acmhainní Gaeilge ag méadú an t-am ar fad. Tá acmhainní nua á gcur ar ár suíomh gréasáin go leanúnach. Sampla amháin is ea an leabhrán tascanna ina bhfuil raon leathan tascanna saibhre is féidir a úsáid le scoláire. Is féidir leat teacht ar an leabhrán [anseo](#).

## CODAP

Is ardán anailísithe sonraí saor in aisce é CODAP is féidir a úsáid chun staitisticí agus réimsí eile den mhatamaitic a theagasc agus a fhoghlaim. Tugann CODAP deis do scoláirí sonraí fíorshaoil a fhiosrú ar bhealach iomasach.



Ag an gcuaslá againn ar líne, roinneann múinteoir amháin an chaoi a bhfuil CODAP á úsáid aige chun a scoláirí a mhealladh le sonraí fíorshaoil agus déanann sé cur síos ar an gcaoi a gcuireann sé ar chumas scoláirí a dtuiscint a fhorbairt ar staitisticí, an gaol idir athróga spleácha agus neamhspleácha agus gnéithe eile d'anailísiú sonraí.

Más mian leat rochtain a fháil ar CODAP, féadtar cliceáil ar an deilbhín. Rinne Foireann Mhatamaitice SSM sraith d'fhísghabhálacha scáileáin ar CODAP a thaifeadadh agus is féidir teacht orthu ar <https://jct.ie/maths/resources.php#AnIntroductiontoCODAP>

## Acmhainní na Foghlama Digítí

Leanaimid orainn ag cur lenár mbanc acmhainní don fhoghlaim dhigiteach ar an láithreán gréasáin againn. I measc dhá bhreisiú le déanaí tá póstaer idirghníomhacha ar:

- uirlisí digiteacha le haghaidh measúnú foirmitheach
- agus láimhseoga digiteacha

Cliceáil ar na póstaer chun teacht ar na hacmhainní seo.

**Digital manipulatives for teaching and learning Mathematics**

Digital manipulatives are useful learning and teaching tools that allow students to visualise and explore mathematical relationships, properties and facts across all strands of the mathematics specification. They can be used to support, challenge and extend student learning through the use of open-ended tasks and investigations.

- GeoGebra**  
GeoGebra is dynamic mathematics software for all levels of education that brings together geometry, algebra, spreadsheets, graphing, and statistics. GeoGebra is available on multiple platforms, with apps for desktops, tablets and a web browser.
- Desmos**  
Desmos is a free suite of mathematics software tools that include in-class calculators, graphing software and digital mathematics activities.
- CODAP**  
CODAP is a versatile programme that allows users to create and/or import data sets and investigate relationships with ease. CODAP provides some sample sets to get started and introduces users to the type of investigations that are possible.
- Tinkercad**  
Tinkercad is a free online computer-aided design (CAD) program within which users can design, modify, and manipulate 2D and 3D objects.
- AutoGraph**  
AutoGraph can be used to draw, analyse, manipulate and transform graphs and functions. Graphs and objects (2D and 3D) can be animated and statistics and probability can be explored also.
- Scratch**  
Scratch can provide students with opportunities to think creatively, reason systematically, and work collaboratively. Some pupils have explored Scratch in primary school to program their own interactive stories, games, and animations.

Further resources available at [www.jct.ie/maths](http://www.jct.ie/maths) Follow us on twitter @JctMaths

**13 Digital Tools and Apps for Formative Assessment in Mathematics**

Formative assessment occurs during learning and offers the teacher and student information about how learning is progressing. It involves using assessment approaches by the teacher to better understand student learning and inform pedagogy during a lesson, and/or between lessons.

- AnswerGarden**  
This minimalist feedback tool can be used to gather answers or creative brainstorming.
- Kahoot!**  
The teacher and student can create multiple choice quizzes for use during lessons.
- Mentimeter**  
A formative assessment tool that allows for instant feedback from students.
- Nearpod**  
Teachers can create differentiated lessons based on evidence of student learning.
- Pickers**  
Collect real time answers from students without needing any devices.
- Padlet**  
Students and teachers can share their ideas, brainstorm collaboratively and comment on the responses of others.
- Poll Everywhere**  
A formative assessment tool that allows for instant feedback from students.
- Google Forms**  
An online tool that teachers can use to formatively assess students through in-class quizzes or online homework assignments.

Further resources available at [www.jct.ie/maths](http://www.jct.ie/maths) Follow us on twitter @JctMaths

## Fan i dteagmháil

Tá iliomad bealaí le fanacht i dteagmháil le Foireann Mhatamaitice SSM:

1. Cláraigh ar ár liosta seoltaí
2. Lean muid ar Twitter [@JctMaths](#)
3. Téigh ar cuairt chuig an leathanach gréasáin [www.jct.ie/maths](http://www.jct.ie/maths)

Le dea-mhéin,

Foireann Mhatamaitice SSM

